# Matamaitic


## Céim 1 (Naíonáin Shóisearacha is Shinsearacha)

## Aonad Oibre Samplach 1

Snáithe: Sonraí

Snáithaonad: Sonraí

Coincheap: Réada agus tacair a réiteach de réir aitreabúid amháin nó níos mó.



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide




# An Ghaeilge

Is féidir liom na dathanna a ainmniú.

Is féidir liom roinnt earraí sa seomra ranga a ainmniú




An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

# Matamaitic

Is féidir liom bailiúchán randamach a shórtáil.

Séard atá i gceist le bailiúchán randamach ná grúpa de rudaí coitianta nó d'ábhair nádúrtha – cnaipí, ábhair nádúrtha nó rudaí ó bhord an mhúinteora.




An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

# Tréimhse Luathchumarsáide (1): Tá bosca ar an mbord

Can 'Tá bosca ar an mbord' chun na nithe atá ar bhord an mhúinteora a ainmniú agus a chleachtadh leis na páistí. Taispeáin na nithe ar leith agus na véarsaí éagsúla á gcanadh le chéile.

Tá roinnt acmhainní ar Shleamhnáin 5-21 chun tacú libh leis an bhfoclóir san amhrán a mhúineadh.




Cad atá ar an mbord anois?

An bhfuil marcóir ar an mbord?

Canaimís le chéile!


1 2 3 4 5




1 2 3 4 5


1 2 3 4 5


1 2 3 4 5


1 2 3 4 5


1 2 3 4 5


1 2 3 4 5





1 2 3 4 5



1 2 3 4 5



1 2 3 4 5


Is féidir bord mar seo a ghearradh amach agus a chrochadh sa rang agus na rudaí éagsúla ar an gcéad sleamhnán eile a athrú ó lá go lá.


















1 2 3 4 5

# Cad atá ar an mbord?


Tá __________ ar an mbord.


Níl __________ ar an mbord


bosca 

peann 

crián 

bioróir 

marcóir 

rialóir 

# Cad atá ar an mbord?

Tá bosca ar an mbord
Tá bosca ar an mbord
Hé hó, mo Dhaidí ó
Tá bosca ar an mbord



Tá crián ar an mbord
Tá crián ar an mbord
Hé hó, mo Dhaidí ó
Tá crián ar an mbord





Tá marcóir ar an mbord
Tá marcóir ar an mbord
Hé hó, mo Dhaidí ó
Tá marcóir ar an mbord



Tá peann ar an mbord
Tá peann ar an mbord
Héhó, mo Dhaidí ó
Tá peann ar an mbord



Tá rialóir ar an mbord
Tá rialóir ar an mbord
Héhó, mo Dhaidí ó
Tá rialóir ar an mbord




Tá bioróir ar an mbord
Tá bioróir ar an mbord
Héhó, mo Dhaidí ó
Tá bioróir ar an mbord



# Tréimhse Luathchumarsáide (2): Dathanna


**Le múineadh: Dathanna**

Taispeáin na dathanna difriúla don rang. Abair iad agus tabhair deis do na páistí iad a chleachtadh. Ansin múin an dán do na páistí.

Brúigh an nasc thíos. Bain úsáid as an gcluiche Wordwall agus Cluiche Kim chun na dathanna a mhúineadh do na Naíonáin.

CLUICHE WORDWALL: MEAITSEÁIL AN DATH

CLUICHE WORDWALL: CÉN DATH ATÁ AIR?




Cá bhfuil dearg?


Cén dath é seo?


Tá sé glas.


# Le Múineadh: Dathanna





# Cluiche Kim: Cén dath a thóg mé?


























# Dán: Bogha Báistí

Dearg agus glas
Gorm agus buí
Féach sa spéir -
An bogha báistí.
Ag ceann an bhogha
Tá pota breá mór
Féach isteach ann –
Is leatsa an t-ór.








Moltar an frása 'le chéile' a úsáid go minic mar chuid den Ghaeilge Laethúil a úsáidtear i rith an lae chun go mbeidh sibh in ann caint faoi rudaí a "théann le chéile".

# Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice

Tabhair bailiúchán rudaí ó bhord an mhúinteora do gach páiste le hiad a fhiosrú ar a suaimhneas. Is é claonadh nádúrtha an pháiste ná a bheith ag súgradh leis an mbailiúchán atá acu. Níor chóir seo a dhéanamh faoi dheifir moltar deis a thabhairt do na páistí na bailiúcháin atá acu a láimhseáil agus a smaointe féin a thriail le dul i dtaithí ar rudaí.

Bí ag caint leis na páistí mar gheall ar a bhfuil idir lámha acu le pé bailiúchán atá acu.





Moltar ceisteanna oscailte m.sh 'Cad atá agat a Sheáin?' Chomh maith le ceisteanna dúnta 'An bhfuil criáin agat a Sheáin?' a chur chun ionchur ó na páistí a éileamh agus a spreagadh.

Cleachtaigh an nath 'le chéile' le linn gnáthchaint an lae – m.sh ag iarraidh ar na páistí seasamh le chéile, nó freagra a rá le chéile, nó nithe sa rang a chur le chéile.


Ag obair leis an rang ina iomláine labhair leo faoi shórtáil agus léirigh conas mar a théann rudaí cosúla le chéile . D'fhéadfadh sin a bheith déanta ag roinnt páistí cheana agus má tá b'fhiú tógáil ar an obair atá déanta ag na páistí sin. Bí ag labhairt faoi na cóiriúcháin dhifriúla agus luaigh an focal 'tacar' agus mínigh do na páistí le cabhair ó íomhánna agus trí léiriú gur ionann 'tacar' agus bailiúchán de rudaí a théann le chéile mar go bhfuil siad cosúil le chéile ar shlí áirithe.

Spreag na páistí le bheith ag labhairt faoi na cóiriúcháin atá acu. De réir mar a thosaíonn siad ag roinnt eolais faoi na cóiriúcháin tapaigh an deis chun na rudaí atá coiteann mar gheall ar an tacar a dhaingniú , agus spreag iad le cur síos sonrach a dhéanamh ar na tacair (d'fhéadfadh páistí áirithe aidiacht a chur leis an ainmfhocal de réir a chéile) m.sh ' Is criáin dubha iad' 'Is pinn luaidhe iad' 'Tá tacar peann luaidhe agam'






Tá tacar crián agam! Tá siad corcra.



Tá tacar peann agam!



Tá tacar bioróirí agam!

# Iarghníomhaíocht


Imir Cluiche Kim leis an rang chun ainmneacha na rudaí atá ar an mbord agus atá sórtáilte acu a thabhairt chun cuimhne agus a chleachtadh.



Can 'Tá Bosca ar an mBord' arís ag deireadh an ranga


D'fhéadfadh an rang dul siar a dhéanamh ar rudaí a shórtáil trí chluichí mar seo a imirt: https://plays.org/sorting-games/ nó https://plays.org/chain-color-sort/


Is féidir úsáid a bhaint as na híomhánna seo chun dul siar ar dhath agus mhéid.





# ÉIST AGUS DATHAIGH: CUIR DATH XXX AR AN XXX.














# ÉIST AGUS DATHAIGH: CUIR DATH GORM AR AN RUD MÓR. CUIR DATH DEARG AR AN RUD BEAG.

